

-
- | | |
|---|---|
| <p>1. Cad a rinne tú an tseachtain seo?
<i>Bhí mé ag bainis mo charad.</i>
Cá ndeachaigh tú?
<i>Chuaigh mé ag snámh le mo mhac.</i>
Cad a chonaic tú?
<i>Chonaic mé mo chairde.</i></p> | <p>What did you do this week?
<i>I was at my friend's wedding.</i>
Where did you go?
<i>I went swimming with my son.</i>
What did you see?
<i>I saw my friends.</i></p> |
| <p>2. Cad a dhéanfaidh tú ar Oíche Shamhna?
<i>Rachaidh mé ag imirt bob nó bia.</i></p> | <p>What will you do on Halloween?
<i>I'll go trick or treating.</i></p> |
| <p>3. Cén féile den bhliain is fearr leat?
<i>Is breá liom Lá an Altaithe mar bíonn bia blasta ann.</i></p> | <p>What is your favorite holiday of the year?
<i>I love Thanksgiving because there is tasty food there.</i></p> |

Amhrán na Mara (Úna Levy)

Song of the Sea

- | | | |
|-----|--|---|
| 1. | Sroicheann siad an chathair dhuairc. | They reach the gloomy city. |
| 2. | Tá teach Mhamó in áit
sheanaimseartha, nach bhfuil ró-
oiriúnach do pháistí. | Grandma's house is in an old-fashioned
place that isn't too suitable for children. |
| 3. | Tá fuath ag Ben agus Saoirse air. | Ben and Saoirse hate it. |
| 4. | Oíche Shamhna atá ann agus tá páistí
ag rith go fiáanta ar fud na
comharsanachta. | It's Halloween and children are running
wildly all over the neighbourhood. |
| 5. | Tagann neacha aisteacha a bhfuil
Cuma pháistí Bob nó Breab orthu
amach as a n-áit fholaithe i lár
timpealláin ghnóthaigh. | Strange beings who look like trick-or-
treaters come out of their hiding places in
the middle of a busy roundabout. |
| 6. | Tá an banrón deireanach a lorg acu. | They are looking for the last selkie. |
| 7. | Tá sé an-leadránach i dteach Mhamó. | It is very boring in Grandma's house. |
| 8. | Cuireann Ben air a chluasáin is
éisteann sé le rac-cheol le nach mbeidh
air éisteacht le raidió Mhamó. | Ben puts on his earphones and listens to
rock music so he won't have to listen to
Grandma's radio. |
| 9. | Socraíonn Saoirse ar bhreathnú thart ar
an teach. | Saoirse decides to look around the house. |
| 10. | Thuas i seomra Mhamó tagann Saoirse
ar chóta clúimh seanchaite. | Up in Grandma's room Saoirse comes
across a worn out fur coat. |
| 11. | Cuireann sí uirthi é agus seinneann
ceol ar an sliogán. | She puts it on and plays music on the shell. |
| 12. | Amuigh sa chathair, meallann an ceol
na páistí Bob nó Breab chuig Teach
Mhamó. | Out in the city, the music draws the trick-or-
treaters to Grandma's house. |

- | | | |
|-----|--|--|
| 13. | Thíos sa seomra suí, titeann deoir uisce isteach i gcupán tae Mhamó. | Down in the living room, a drop of water falls into Grandma's cup. |
| 14. | Téann sí suas staighre leis an scéal a fhiosrú. | She goes upstairs to investigate the situation. |
| 15. | Cúpla bomaite ina dhiaidh sin cloiseann Ben scread ard. | A few moments after that, Ben hears a loud scream. |
| 16. | Ritheann sé go dtí an seomra folctha is feiceann Saoirse sa tobán, cóta Mhamó thart uirthi agus í fliuch go craiceann. | He runs to the bathroom and he sees Saoirse in the tub, Grandma's coat around her and she wet to the skin. |
| 17. | Cuirtear Ben agus Saoirse a luí go luath a fhad is a ghlanann Mamó suas. | Ben and Saoirse are put to bed early as Grandma cleans up. |
| 18. | Caithfidh Mamó a cóta millte a chur sa bhruscar. | Grandma has to put her ruined coat in the trash. |
| 19. | Ach baintear geit uafásach aisti nuair a thagann sí ar an trí pháiste Bob nó Breab i bhfolach ina bosca bruscair. | But she gets a terrible shock when she comes across the three trick-or-treaters hidden in the trash can. |
| 20. | Fiafraíonn siad di an í an banrón. | They ask her if she is the selkie. |
| 21. | Cuireann Mamó an ruaig orthu de scread. | Grandma chases them off with a scream. |
| 22. | Tógann na páistí Bob nó Breab an cóta clúimh leo. | The trick-or-treaters take the fur coat with them. |
| 23. | Síleann siad go bhfuil cóta an bhanróin faighte acu. | They think that they have found the selkie's coat. |

Ceisteanna

Questions

- | | |
|--|---|
| 1. Cén chuma atá ar an gcathair? | What is the city like? |
| 2. Cén lá atá ann? | What day is it? |
| 3. Cén chuma atá ar na neacha aisteacha? | What do the strange beings look like? |
| 4. Cad atá siad ag lorg? | What are they looking for? |
| 5. Cad a dhéanann Ben seachas éisteacht le raidió Mhamó? | What does Ben do instead of listening to Grandma's radio? |
| 6. Cad a dhéanann Saoirse? | What does Saoirse do? |
| 7. Cad a fhaigheann Saoirse i seomra Mhamó? | What does Saoirse find in Grandma's room? |
| 8. Cad a tharlaíonn nuair a sheinneann Saoirse ceol ar an sliogán? | What happens when Saoirse plays music on the shell? |
| 9. Cé a rinne scread ard? | Who made a loud scream? |
| 10. Cá raibh Saoirse? | Where was Saoirse? |
| 11. Cad a fheiceann Mamó ina bosca bruscair? | What does Grandma see in her trash can? |
| 12. Cad a dhéanann Mamó do na “páistí bob nó breab”? | What does Grandma do to the “trick-or-treaters”? |